I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

MOLTAÍ

AN BANC CEANNAIS EORPACH

MOLADH ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 25 Márta 2022

lena leasaítear Moladh BCE/2017/10 maidir le sonraíochtaí comhchoiteanna le haghaidh feidhmiú roghanna agus discréidí áirithe dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais ag údaráis inniúla náisiúnta i ndáil le hinstitiúidí ar lú a suntas

(BCE/2022/13)

(2022/C 142/01)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CHEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh.1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair ina dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagail 4(3) agus 6 agus Airteagal 6(1) agus (5)(c) de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) An 4 Aibreán 2017 ghlac an Banc Ceannais Eorpach (BCE) Moladh BCE/2017/10 ón mBanc Ceannais Eorpach) ([2]) (dá ngairtear an "Moladh O&D" anseo feasta), inar bhunaigh sé sonraíochtaí comhchoiteanna maidir le feidhmiú roghanna agus discréidí áirithe dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais ag údaráis inniúla náisiúnta i ndáil le hinstitiúidí ar lú a suntas. Leasaíodh nó scriosadh le reachtaíocht a tugadh isteach ón uair a glacadh an Moladh O&D cuid de na roghanna agus na discréidí dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais a cuireadh san áireamh i Moladh O&D agus rinneadh Treoirdhoiciméad BCE de Shamhain 2016 maidir le roghanna agus discréidí dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais (dá ngairtear an "Treoirdhoiciméad BCE" anseo feasta) a nuashonrú. Dá bhrí sin, tá gá le leasuithe iarmhartacha áirithe ar an Moladh O&D.

(2) Maidir leis na roghanna agus na discréidí a bhaineann le maoirseacht chomhdhlúite agus le tarscaoiltí ceanglas stuamachta, de réir na sonraíochtaí atá i gCaibidil 1 de Roinn II de Threoirdhoiciméad BCE, ba cheart ÚISanna a spreagadh chun cur chuige stuama a ghlacadh agus tarscaoiltí den sórt sin á ndeonú acu ar bhonn aonair. Ba cheart rialacha maidir le sainaithint an mhaoirseora comhdhlúthaithe agus le modhanna agus raon feidhme an chomhdhlúthaithe agus an fho-chomhdhlúthaithe a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhsheasmhach le Treoirdhoiciméad BCE.

(3) Maidir le tarscaoiltí leachtachta ag an leibhéal trasteorann, molann an BCE cur chuige sonrach d'institiúidí ar lú a suntas ós rud é nach bhfuil na sonraíochtaí uile a n-áirítear i dTreoirdhoiciméad BCE chun iarratais a mheasúnú ábhartha do na hinstitiúidí seo.

([1]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63.

([2]) Moladh ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Aibreán 2017 maidir le sonraíochtaí comhchoiteanna le haghaidh feidhmiú roghanna agus discréidí áirithe dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais ag údaráis inniúla náisiúnta i ndáil le hinstitiúidí ar lú a suntas (BCE/2017/10) (IO C 120, 13.4.2017, lch. 2).

(4) Molann an BCE cur chuige comhsheasmhach stuama maidir le roghanna agus discréidí a bhaineann le ceanglais cistí dílse, de réir na sonraíochtaí atá i gCaibidil 2 de Roinn II de Treoirdhoiciméad BCE. Chun sainiúlachtaí institiúidí ar lú a suntas a léiriú i ndáil leis an gceanglas corrlach maidir le caipiteal barrachais le haghaidh laghduithe ar chistí dílse, is gá coigeartuithe áirithe a dhéanamh ar na sonraíochtaí sin.

(5) Molann an BCE cur chuige comhsheasmhach stuama maidir leis na roghanna agus na discréidí a bhaineann le ceanglais leachtachta, ar cheart dóibh na sonraíochtaí a leagtar amach i gCaibidil 6 de Roinn II de Treoirdhoiciméad BCE a leanúint, toisc go bhfuil tionchar ag na roghanna agus na discréidí sin ar ríomh ceanglais maidir le cóimheas cumhdaigh leachtachta, mar shampla trí láimhseáil insreafaí agus eis-sreafaí ar leith a shonrú.

(6) Maidir le heis-sreafaí ó tháirgí a bhaineann le hairgead maoiniú trádála lasmuigh den chlár comhardaithe, cuireadh sonraíochtaí le Treoirdhoiciméid BCE chun beartas nua an BCE a chur san áireamh lena cheadaítear solúbthachti bhreise maidir le rátaí eis-sreafa a chinneadh. Dá bhrí sin, chun comhsheasmhacht ar chur i bhfeidhm rátaí eis-sreafa maidir le risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe de mhaoiniú trádála i measc institiúidí suntasacha agus institúidi ar lú a suntas, ba cheart do ÚINanna na sonraíochtaí atá sa Treoirdhoiciméad BCE a leanúint.

(7) Maidir leis na rátaí eis-sreafa atá le cur i bhfeidhm ar thaiscí miondíola cobhsaí, chuir factóirí áirithe bac ar chur i bhfeidhm praiticiúil na discréide a dtugtar aghaidh uirthi in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/445 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2016/4) ([3]) trínar féidir le húdaráis inniúla údarú a thabhairt d'institiúidí ráta eis-sreafa 3 % a chur i bhfeidhm ar thaiscí miondíola cobhsaí a chumhdaítear le scéim ráthaíochta taisce (SRT), faoi réir cheadú roimh ré ón gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 24(4) agus (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún ([4]). Tá gá le tuilleadh fianaise agus anailíse d'fhonn a thaispeáint go mbeadh na rátaí caillteanais le haghaidh taiscí miondíola cobhsaí a chumhdaítear le SRT dá dtagraítear in Airteagal 24(5) den Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 faoi bhun 3 % le linn aon tréimhse struis a bheadh ag na hinstitiúidí agus atá i gcomhréir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61. Cheal fianaise agus anailíse den sórt sin, baineadh an tsonraíocht ghinearálta de ráta eis-sreafa 3 % ó Threoirlíne BCE/2017/9 ([5]) ón mBanc Ceannais Eorpach maidir le feidhmiú roghanna agus discréidí dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais ag údaráis inniúlachtaí náisiúnta i ndáil le hinstitiúidí ar lú a suntas. Tá seasamh an BCE i leith na rogha seo leagtha amach i Roinn III de Threoirdhoiciméad BCE. Chun comhsheasmhacht a chinntiú i bhfeidhmiú roghanna agus discréidí maidir le hinstitiúidí suntasacha agus institiúidí ar lú a suntas, ba cheart do ÚINanna an seasamh céanna a ghlacadh.

(8) Maidir leis na roghanna agus na discréidí a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, molann an BCE cur chuige comhsheasmhach stuama, cosúil leis na sonraíochtaí a leagtar amach i gCaibidil 3 de Roinn I de Threoirdhoiciméad BCE agus i gCaibidil 7 de Roinn II de.

(9) Maidir leis na roghanna agus na discréidí a bhaineann le máthairghnóthais idirmheánacha agus an fhéidearthacht d'údaráis inniúla ligean do dhá institiúid nó níos mó san Aontas atá mar chuid den ghrúpa tríú tír céanna dhá mháthairghnóthas idirmheánacha AE a bheith acu de bhun Airteagal 21b(2) de Threoir (AE) 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), agus le hábharthacht na féidearthachta sin i gcás institiúidí ar lú a suntas, molann an BCE go nglacfaidh ÚINanna le cur chuige atá comhsheasmhach leis an gcur chuige atá leagtha amach i gCaibidil 9 de Roinn II de Threoirdhoiciméad BCE, chun cothrom na féinne a áirithiú.

(10) Maidir leis na roghanna agus na discréidí a bhaineann le ceanglais tuairiscithe le haghaidh institiúidí, go háirithe maidir le luacháil sócmhainní agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe agus maidir le tarscaoiltí tuairiscithe, molann an BCE go leanann ÚINanna an cur chuige atá leagtha amach i gCaibidil 8 de Roinn II de Threoirdhoiciméad BCE, chun a áirithiú go gcuirtear caighdeáin bheartais i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na Sásra Maoirseachta Aonair agus chun cothrom na féinne a áirithiú.

([3]) Rialachán (AE) 2016/445 ón mBanc Ceannais Eorpach an 14 Márta 2016 maidir le feidhmiú roghanna agus discréidí dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais (BCE/2016/4) (IO L 78, 24.3.2016, lch. 60).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis an gceanglas maidir le cumhdach leachtachta i gcomhair institiúidí creidmheasa (IO L 11, 17.1.2015, lch. 1).

([5]) Treoirlíne (AE) 2017/697 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Aibreán 2017 maidir le feidhmiú roghanna agus discréidí dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais ag údaráis inniúla náisiúnta i ndáil le hinstitiúidí ar lú a suntas (BCE/2017/9) (IO L 101, 13.4.2017, lch. 156).

([6]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

(11) Maidir leis na roghanna agus na discréidí a bhaineann le rialú, ba cheart an Moladh O&D a leasú chun athruithe reachtacha maidir le cóireáil mhaoirseachta cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (mheasctha) a léiriú.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Moladh BCE/2017/10 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

CUID A hAON

Leasuithe

Leasaítear Moladh BCE/2017/10 mar seo a leanas:

1. I gCuid a hAon, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 de Roinn I:

"2. Sainmhínithe

Chun críocha an Mholta seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17), Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Treoir 2013/36/AE, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 (*) ón gCoimisiún agus Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

_____

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis an gceanglas maidir le cumhdach leachtachta i gcomhair institiúidí creidmheasa (IO L 11, 17.1.2015, lch. 1).

(**) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n–institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).";

2. i gCuid a Dó, cuirtear isteach an Roinn IIa seo a leanas:

"**IIa.**

Ceanglais cistí dílse

1. Airteagal 78(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: laghdú ar chistí dílse - ceanglas corrlach capitil barrachais

1.1 Ba cheart do ÚIN an corrlach barrachais a cheanglaítear de bhun Airteagal 78(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chinneadh chun a chistí dílse a laghdú, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 78(1) agus tar éis gach ceann de na fachtóirí seo a leanas a mheasúnú:

(a) cibé an leanfadh an institiúid creidmheasa a rinne aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 de bheith ag sárú, thar léaslíne trí bliana, na ceanglais chaipitil fhoriomlána atá leagtha amach sa chinneadh infheidhme is déanaí um athbhreithniú maoirseachta agus próiseas meastóireachta (SREP) thar, ar a laghad, an treoir maidir le cistí dílse breise a leagtar amach sa chinneadh céanna SREP;

(b) cibé an leanfadh an institiúid creidmheasa a rinne aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 de bheith ag sárú, thar léaslíne trí bliana, na ceanglais a leagtar síos i dTreoir 2014/59/AE thar, ar a laghad, an corrlach a mheasfadh an tÚdarás Réitigh Náisiúnta nó an Bord Réitigh Aonair, i gcomhaontú leis an ÚIN a bheith riachtanach chun an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh;

(c) tionchar an laghdaithe atá beartaithe ar shraith ábhartha chistí dílse;

(d) cibé an leanfadh an institiúid creidmheasa a rinne aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 de bheith ag sárú, thar léaslíne trí bliana, an ceanglas maidir le cóimheas luamhánaithe a leagtar síos in Airteagal 92(1)(d) den Rialachán sin, agus an ceanglas cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar an bpriacal luamhánaithe iomarcaigh atá leagtha amach sa chinneadh infheidhme is déanaí um athbhreithniú maoirseachta agus próiseas meastóireachta (SREP), thar, ar a laghad, an treoir maidir le cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar an bpriacal luamhánaithe iomarcaigh atá leagtha amach sa chinneadh SREP sin.

1.2 Ba cheart, áfach, iarratais chun cistí dílse a laghdú, a fhaightear ó institiúidí creidmheasa nach gcloíonn leis na corrlaigh thuasluaite a cheadú ar bhonn cás-ar-chás i gcás ina bhfuil údar cuí leo le hargóintí stuamachta deabhunaithe. I gcás nach gcloítear leis an gcorrlach faoi phointe (b) de mhír 1.1, ba cheart don ÚIN tuairim an Údaráis Réitigh Náisiúnta nó an Bhoird Réitigh Aonair a lorg maidir le cibé an bhféadfadh an laghdú ar chistí dílse comhlíonadh na gceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe atá leagtha síos i dTreoir 2014/59/AE a chur i gcontúirt.

1.3 Más rud é, chun críocha phointe (a) nó (d) de mhír 1.1, nach bhfuil an institiúid creidmheasa faoi réir treoir maidir le cistí dílse breise, ní mór an corrlach a chinneadh ar bhonn cás-ar-chás, ag féachaint do chúinsí sonracha na hinstitiúide creidmheasa.

2. An dara fomhír d'Airteagal 78(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: laghdú ar chistí dílse: réamhchead ginearálta

Ba cheart do ÚIN an réamhchead ginearálta dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 78(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a dheonú i gcás ina bhfuil na coinníollacha a leagtar amach ann agus i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 (*) ón gCoimisiúin comhlíonta. Ba cheart d'ÚIN an corrlach a shonraítear sa dara fomhír d'Airteagal 78(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chinneadh, tar éis dó na fachtóirí uile a leagtar amach i mír 1 de Roinn IIa den Mholadh seo a mheasúnú.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 241/2014 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i leith cheanglais Cistí Dílse le haghaidh institiúidí (IO L 74, 14.3.2014, lch. 8).";

3. I gCuid a Dó, scriostar Roinn V;

4. Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo in ionad na hIarscríbhinne.

CUID A DÓ

Seolaithe

Dírítear an Moladh seo chuig ÚINanna na mBallstát rannpháirteach.

Moltar do ÚINanna an Moladh seo a chur i bhfeidhm amhail ar dháta a glactha.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 25 Márta 2022.

Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh BCE/2017/10:

"IARSCRÍBHINN

Bunús dlí na rogha agus/nó na discréide	Cur chuige a mholtar: comhsheasmhacht leis an mbeartas maidir le roghanna agus discréidí d'institiúidí suntasacha
Maoirseacht chomhdhlúite agus tarscaoiltí ceanglas stuamachta	
Airteagal 7(1) go 7(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: tarscaoiltí caipitil	Roinn II, Caibidil 1 mír 3 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 8(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: tarscaoiltí leachtachta	Roinn II, Caibidil 1 mír 4 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: modh comhdhlúthaithe aonair	Roinn II, Caibidil 1 mír 5 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 10(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: tarscaoiltí maidir le hinstitiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe go buan le comhlacht lárnach	Roinn II, Caibidil 1 mír 6 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 18(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: modhanna comhdhlúthaithe i gcás ina bhfuil baint ag gnóthais lena chéile de réir bhrí Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE	Roinn III, Caibidil 1 mír 1 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 18(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: modhanna comhdhlúthaithe i gcás rannpháirtíochtaí nó naisc chaipitil seachas iad sin dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4	Roinn III, Caibidil 1 mír 2 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: comhdhlúthú i gcásanna ina bhfuil tionchar suntasach agus comhbhainistíocht	Roinn III, Caibidil 1 mír 3 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 18(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: comhdhlúthú	Roinn II, Caibidil 1 mír 8 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 18(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: comhdhlúthú	Roinn III, Caibidil 1 mír 4 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: eiseamh comhdhlúthaithe	Roinn II, Caibidil 1 mír 9 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 24(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: luacháil na sócmhainní agus na n-ítimí lasmuigh den chlár-comhardaithe – Caighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta a úsáid chun críocha stuamachta	Roinn II, Caibidil 1 mír 10 de Threoirdhoiciméad BCE
Cistí dílse	
Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: aicmiú mar ionstraimí CET1 d'eisiúintí iardain	Roinn II, Caibidil 2 mír 3 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: asbhaintí sealúchas árachaiis	Roinn II, Caibidil 2 mír 5 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 49(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: sealúchais eintiteas earnála airgeadais a asbhaint	Roinn II, Caibidil 2 mír 6 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 54(1)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: ríomh an truicir d'ionstraimí breise Leibhéal 1 arna n-eisiúint ag fochuideachtaí atá bunaithe i dtríú tíortha	Roinn II, Caibidil 2 mír 7 de Threoirdhoiciméad BCE

Bunús dlí na rogha agus/nó na discréide	Cur chuige a mholtar: comhsheasmhacht leis an mbeartas maidir le roghanna agus discréidí d'institiúidí suntasacha
Airteagal 78(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: laghdú ar chistí dílse - cumainn frithpháirteacha, institiúidí coigiltis agus comharchumainn	Roinn II, Caibidil 2 mír 10 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 78(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: laghdú ar ionstraimí breise Leibhéal 1 nó Leibhéal 2	Roinn II, Caibidil 2 mír 11 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 79(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: laghdú ar ionstraimí breise Leibhéal 1 nó Leibhéal 2	Roinn II, Caibidil 2 mír 12 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 83(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: tarscaoileadh ar ionstraimí breise Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 arna n-eisiúint ag eintiteas sainchuspóireach	Roinn II, Caibidil 2 mír 13 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 84(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: leasanna mionlaigh atá ar áireamh i nGnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite	Roinn II, Caibidil 2 mír 14 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 142(1) de Threoir 2013/36/AE: mainneachtain maidir le ceanglas maoláin chomhcheangailte nó ceanglas maoláin cóimheasa luamhánaithe a chomhlíonadh	Roinn II, Caibidil 11 mír 12 de Threoirdhoiciméad BCE
Ceanglais chaipitil	
Airteagal 113(6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh – risíochtaí inghrúpa	Roinn II, Caibidil 3 mír 3 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 162(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: aibíocht risíochtaí	Roinn II, Caibidil 3 mír 5 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 225(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: a measatcháin féin ar choigeartuithe luaineachta	Roinn II, Caibidil 3 mír 6 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 244(2) agus an dara fomhír d'Airteagal 245(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: aistriú priacail shuntasaigh	Roinn II, Caibidil 3 mír 9 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 283(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: modh na samhla inmheánaí a chur chun feidhme	Roinn II, Caibidil 3 mír 8 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 284(4) agus (9) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: luach na risíochta ar priacal creidmheasa an chontrapháirtí a ríomh	Roinn II, Caibidil 3 mír 9 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 366(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: ríomh na huimhreach luacha faoi phriacal	Roinn II, Caibidil 3 mír 13 de Threoirdhoiciméad BCE
Scéimeanna cosanta institiúideacha	
Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: tarscaoileadh leachtachta do bhaill scéimeanna cosanta institiúideacha	Roinn II, Caibidil 4 mír 3 de Threoirdhoiciméad BCE
Risíochtaí móra	
Airteagal 396(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: ceanglais maidir le risíochtaí móra a chomhlíonadh	Roinn II, Caibidil 5 mír 3 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 400(2)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: ceanglais maidir le risíochtaí móra a chomhlíonadh	Roinn II, Caibidil 5 mír 4 de Threoirdhoiciméad BCE

Bunús dlí na rogha agus/nó na discréide	Cur chuige a mholtar: comhsheasmhacht leis an mbeartas maidir le roghanna agus discréidí d'institiúidí suntasacha
Leachtacht	
Airteagal 414 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: ceanglais leachtachta a chomhlíonadh	Roinn II, Caibidil 6 mír 3 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 422(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 29 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: eis-sreafaí leachtachta inghrúpa	Roinn II, Caibidil 6 mír 10 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 425(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 34 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: insreafaí leachtachta inghrúpa	Roinn II, Caibidil 6 mír 14 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 8(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: éagsúlú sealúchas sócmhainní leachtacha	Roinn II, Caibidil 6 mír 5 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 8(3)(c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: bainistiú sócmhainní leachtacha	Roinn II, Caibidil 6 mír 6 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 8(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: neamhréireanna airgeadra	Roinn II, Caibidil 6 mír 4 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 17(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: tarscaoileadh an sásra leachtaithe	Roinn I, Caibidil 3 mír 1 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 23(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: eis-sreafaí ó tháirgí agus seirbhísí eile	Roinn II, Caibidil 6 mír 7 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 24(4) agus (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: eis-sreafaí ó thaiscí miondíola cobhsaí	Roinn III, Caibidil 3 mír 1 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 24(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: iolraitheoir le haghaidh taiscí miondíola a chumhdaítear le scéim ráthaíochta taisce	Roinn III, Caibidil 3 mír 3 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 25(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: rátaí eis-sreafa níos airde	Roinn II, Caibidil 6 mír 8 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 26 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: eis-sreafaí le hinsreafaí idirspleácha	Roinn II, Caibidil 6 mír 9 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 29 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: láimhseáil fhabhrach laistigh de ghrúpa nó de scéim chosanta institiúideach (SCI)	Roinn II, Caibidil 6 mír 10 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 30(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: eis-sreafaí comhthaobhachta breise ó thruicir íosghrádú	Roinn II, Caibidil 6 mír 11 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 33(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: uasteorainn ar insreafaí	Roinn II, Caibidil 6 mír 12 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 33(3) go (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: saininstitiúdí creidmheasa	Roinn II, Caibidil 6 mír 13 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 34 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61: Insreafaí laistigh de ghrúpa nó de scéim chosanta institiúideach	Roinn II, Caibidil 6 mír 14 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 428b(5) de Rialachán (AE) 575/2013: ceanglas maidir le glanchistiúchán cobhsaí (CGCC) - srian ar neamhréireanna airgeadra	Roinn II, Caibidil 6 mír 15 de Threoirdhoiciméad BCE

Bunús dlí na rogha agus/nó na discréide	Cur chuige a mholtar: comhsheasmhacht leis an mbeartas maidir le roghanna agus discréidí d'institiúidí suntasacha
Airteagal 428f(1) de Rialachán (AE) 575/2013: CGCC - sócmhainní agus dliteanais idirspleácha	Roinn II, Caibidil 6 mír 16 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 428h de Rialachán (AE) 575/2013: CGCC - láimhseáil fhabhrach laistigh de ghrúpa nó de SCI	Roinn II, Caibidil 6 mír 17 de Threoirdhoiciméad BCE.
Airteagal 428p(7) de Rialachán (AE) 575/2013: CGCC - láimhseáil oibríochtaí neamhchaighdeánacha an bhainc ceannais	Roinn II, Caibidil 3 mír 1 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 428ai de Rialachán (AE) 575/2013: CGCC - an ceanglas maidir le glanchistiúchán cobhsaí simplithe (CGCCs) a chur i bhfeidhm	Roinn II, Caibidil 6 mír 18 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 428aq(7) de Rialachán (AE) 575/2013 - CGCC - láimhseáil oibríochtaí neamhchaighdeánacha an bhainc ceannais (CGCCs)	Roinn I, Caibidil 3 mír 1 de Threoirdhoiciméad BCE
Airtegal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: tarscaoiltí leachtachta	Roinn II, Caibidil 4 mír 3 de Threoirdhoiciméad BCE
Luamhánú	
Airteagal 429a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: cóireáil fhabhrach i bhfabhar bainc forbartha poiblí	Roinn II, Caibidil 7 mír 3 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 429a(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: cúlchistí an bhainc ceannais a dhíolmhú ón gcóimheas luamhánaithe a ríomh	Roinn I, Caibidil 3 mír 1 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 429b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: láimhseáil fhabhrach do shocruithe comhthiomsaithe airgid barúlacha	Roinn II, Caibidil 7 mír 4 de Threoirdhoiciméad BCE
Ceanglais tuairiscithe	
Airteagal 430(11) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: tuairisciú ar cheanglais stuamachta agus ar fhaisnéis airgeadais	Roinn II, Caibidil 8 mír 1 de Threoirdhoiciméad BCE
Ceanglais ghinearálta maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa	
Airteagal 21(1) de Threoir 2013/36/AE: tarscaoileadh maidir le hinstitiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe go buan le comhlacht lárnach	Roinn II, Caibidil 9 mír 1 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 21b (2) de Threoir 2013/36/AE: máthairghnóthas idirmheánach	Roinn II, Caibidil 9 mír 2 de Threoirdhoiciméad BCE
Socruithe rialachais agus maoirseacht stuamachta	
Airteagal 88(1)(e) de Threoir 2013/36/AE: feidhmeanna an chathaoirligh agus an POF a chomhcheangal	Roinn II, Caibidil 11 mír 4 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 91(6) de Threoir 2013/36/AE: stiúrthóireacht neamhfheidhmiúcháin bhreise	Roinn II, Caibidil 11 mír 5 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 108(1) de Threoir 2013/36/AE: próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil le haghaidh institiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe go buan le comhlacht lárnach	Roinn II, Caibidil 11 mír 6 de Threoirdhoiciméad BCE

Bunús dlí na rogha agus/nó na discréide	Cur chuige a mholtar: comhsheasmhacht leis an mbeartas maidir le roghanna agus discréidí d'institiúidí suntasacha
Ailt 117 agus 118 de Threoir 2013/36/AE: oibleagáidí comhair	Roinn II, Caibidil 11 mír 9 de Threoirdhoiciméad BCE
Airteagal 142 de Threoir 2013/36/AE: pleananna caomhnaithe caipitil	Roinn II, Caibidil 11 mír 12 de Threoirdhoiciméad BCE"